**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0401/2023**

11.12.2023

# TUARASCÁIL

ar impleachtaí slándála agus cosanta thionchar na Síne ar bhonneagar criticiúil san Aontas Eorpach
(2023/2072(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Klemen Grošelj

# CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................................17

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR ...............................................................................................................................18

TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA............................................19

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................27

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........28

## TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar impleachtaí slándála agus cosanta thionchar na Síne ar bhonneagar criticiúil san Aontas Eorpach**
**(2023/2072(COD))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, go háirithe Caibidil a Dó, Roinn a Dó de maidir le forálacha i dtaca leis an gcomhbheartas slándála agus cosanta,

– ag féachaint don phlean gníomhaíochta Strategic Compass for Security and Defence – For a European Union that protects its citizens, values and interests and contributes to international peace and security [Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint — Ar mhaithe le hAontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a rannchuidíonn leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta], a d’fhormheas an Chomhairle an 21 Márta 2022 agus a d’fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 25 Márta 2022,

– ag féachaint do Dhearbhú Versailles a glacadh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeannairí Stáit nó Rialtais an 11 Márta 2022,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 20 Meitheamh 2023 maidir le straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch’ (JOIN(2023)0020),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach[1],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh[2],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (An Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil)[3],

– ag féachaint do Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann

[1] IO L 330, 23.12.2022, lch. 1.
[2] IO L 791, 21.3.2019, lch. 1.
[3] IO L 333, 27.12.2022, lch. 164.

cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2)[4],

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2022, le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 (COM(2022)0454),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh Eorpach um Shliseanna)[5],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/XXXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [dáta] lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú (an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla)[6],

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/XXXX an [dáta] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear cosaint an Aontais agus á Bhallstáit ar chomhéigean eacnamaíoch ag tríú tíortha[7],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Meán Fómhair 2021 maidir le straitéis nua idir AE agus an tSín (2021/2037(INI))[8], arb é is aidhm di inter alia 'bosca uirlisí trádála' AE a neartú chun cuidiú leis an éagothroime atá ann faoi láthair sa chaidreamh déthaobhach eacnamaíoch agus trádála idir an tSín agus AE a mhaolú,

– ag féachaint do rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 2022[9] agus an 1 Meitheamh 2023 maidir le trasnaíocht eachtrach ar gach próiseas daonlathach san Aontas, lena n-áirítear bréagaisnéis[10],

– ag féachaint do Theachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta an 1 Nollaig 2021 dar teideal 'The Global Gateway' [An Tairseach Domhanda] (JOIN(2021)0030),

– ag féachaint do mholadh ón gCoimisiún an 3 Deireadh Fómhair 2023 maidir le réimsí teicneolaíochta criticiúla do shlándáil eacnamaíoch AE chun tuilleadh measúnaithe riosca a dhéanamh leis na Ballstáit (C(2023)6689),

---

[4] IO L 333, 27.12.2022, lch. 80.
[5] IO L 229, 18.9.2023, lch. 1.
[6] Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat chun soláthar slán agus inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 168/2013, (AE) 2018/858, 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (COM(2023)0160).
[7] Togra le haghaidh Rialachán maidir le cosaint an Aontais agus a Bhallstáit ar chomhéigean eacnamaíoch ag tríú tíortha (COM(2021)0775).
[8] IO C 117, 11.3.2022, lch 40.
[9] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0219.
[10] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0219.

– ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú[11],

– ag féachaint don Ráiteas ó Chruinniú Mullaigh Vilnias, a d'eisigh Cinn Stáit agus Rialtais ECAT a bhí rannpháirteach i gcruinniú Chomhairle an Atlantaigh Thuaidh i Vilnias an 11 Iúil 2023,

– ag féachaint do Thuarascáil Mheasúnachta Deiridh ó Thascfhórsa ECAT-AE an 29 Meitheamh 2023 maidir le hAthléimneacht Bonneagair Chriticiúil,

– ag féachaint do Dhearbhú Comhpháirteach an 10 Eanáir 2023 maidir leis an gcomhar idir AE agus ECAT,

– ag féachaint do Communiqué Cheannairí G7 Hiroshima an 20 Bealtaine 2023,

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Slándála Muirí AE (SSMAE) Athbhreithnithe agus dá Plean Gníomhaíochta an 24 Deireadh Fómhair 2023,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0401/2023),

A. de bhrí go ndírítear sa teachtaireacht chomhpháirteach a rinneadh le déanaí maidir le straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch ar na rioscaí a eascraíonn as sreafaí eacnamaíocha áirithe agus ar spleáchas AE ar réimis fhorlámhacha agus ollsmachtacha amhail Daon-Phoblacht na Síne i gcomhthéacs an teannais gheopholaitiúil agus athruithe teicneolaíochta brostaithe a íoslaghdú agus a bhainistiú, agus prionsabail an mhargaidh shaoir á gcosaint ar shaobhadh ag na réimis sin agus, ar an gcaoi sin, an oscailteacht eacnamaíoch agus an dinimiceas is mó is féidir a chaomhnú;

B. de bhrí go bhféadfadh iarmhairtí diúltacha suntasacha a bheith ag cur isteach ar bhonneagar criticiúil maidir le feidhmeanna ríthábhachtacha rialtais, seirbhísí bunriachtanacha don phobal, gníomhaíocht eacnamaíoch chomh maith le slándáil agus cosaint AE; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh na Ballstáit agus an Coimisiún ar an airdeall maidir le hinfheistíochtaí airgeadais a dhéanann tíortha iasachta in oibriú eintiteas criticiúil laistigh den Aontas agus na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith leis na hinfheistíochtaí sin ar an gcumas suaití suntasacha a chosc;

C. de bhrí go gcuireann an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil[12] agus Treoir NIS 2[13] creat dlíthiúil cuimsitheach ar fáil chun athléimneacht fhisiciúil agus dhigiteach an bhonneagair chriticiúil a neartú, lena n-áirítear an athléimneacht sin a

[11] IO C 20, 20.1.2023, lch 1.
[12] Treoir (AE) 2022/2557 an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle, IO L 333, 27.12.2022, lch. 164.
[13] Treoir (AE) 2022/2555 an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2), IO L 333, 27.12.2022, lch. 80.

bhaineann le fuinneamh, iompar, sláinte, bonneagar digiteach, uisce agus bia;

D. de bhrí, ó eisíodh moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022, go bhfuil gníomhaíochtaí spriocdhírithe déanta cheana féin chun freagairt choiteann ón Aontas ar theagmhais a áirithiú, lena n-áirítear trí chomhordú le ECAT a neartú trí Thascfhórsa AE-ECAT maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil atá leabaithe in Idirphlé Struchtúrtha AE-ECAT maidir le hAthléimneacht;

E. de bhrí go láimhseálann calafoirt Eorpacha ina bhfuil bunanna ag cuideachtaí Síneacha atá faoi úinéireacht stáit níos mó ná 10 % d'acmhainneacht iomlán coimeádán loingseoireachta na hEorpa; de bhrí go bhfuil sócmhainní ag na trí scairshealbhóir Síneacha is mó i gcalafoirt Eorpacha i mbeagnach leath na gcalafort (14 as 29) atá suite gar do bhunáiteanna cabhlaigh nó a chuireann tacaíocht lóistíochta ar fáil d'fhórsaí ECAT, rud a mhéadaíonn go mór an baol spiaireachta;

F. de bhrí gur nochtadh leochaileachtaí AE leis na beartais chomhéigneacha agus le treallús méadaitheach Dhaon-Phoblacht na Síne (PRC), lena n-áirítear a seasamh ionsaitheach i leith na Téaváine agus an staid ionsaitheach a glacadh i Muir na Síne Theas, chomh maith le hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha phaindéim COVID-19 agus cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus gur athdhearbhaíodh an gá atá lena chaidreamh i leith Dhaon-Phoblacht na Síne agus tríú tíortha neamhdhaonlathacha eile a 'dhí-rioscú';

G. de bhrí go bhfuil sé léirithe ag rialtas na Síne go bhfuil sé toilteanach arm a dhéanamh as an smacht ollmhór atá aige ar sholáthairtí tearc-chré domhanda chun críoch polaitiúil agus lamhháltais agus buntáistí eacnamaíocha éagóracha a fháil;

H. de bhrí go bhfuil an tSín ag cur srian ar chuideachtaí neamh-Shíneacha páirt a ghlacadh i dtionscadail bhonneagair mar gheall ar na rioscaí slándála agus go bhfuil reachtaíocht á cur ar aghaidh aici maidir le bonneagar criticiúil, amhail na Rialacháin maidir le Cosaint Slándála Bonneagair Faisnéise Criticiúla; de bhrí go bhfuil baint ag an tSín le bonneagar atá maoinithe ag AE a thógáil i mBallstáit éagsúla AE; de bhrí, de bhun gealltanais idirnáisiúnta, gur féidir le AE agus na Ballstáit bearta sriantacha a ghlacadh a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach choigríche (IDC) ar fhorais na slándála nó an oird phoiblí, faoi réir ceanglais áirithe; de bhrí, in 2021-22, go raibh an tSín páirteach in imshuí eacnamaíoch i gcoinne na Liotuáine mar fhreagairt ar chinneadh na Liotuáine tarraingt siar as Tionscnamh an Chreasa agus an Bhóthair agus Oifig Ionadaíochta na Téaváine a oscailt sa Liotuáin, rud a d'fhág gur iarr an Coimisiún painéal a bhunú ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála chun scrúdú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht shrianta trádála na Síne i gcoinne onnmhairí na Liotuáine agus onnmhairí AE ina bhfuil ábhar na Liotuáine, agus de bhrí go léiríonn sé sin tiomantas na Síne maidir le díriú ar thíortha sonracha san Aontas, ní hamháin trí chomhéigean eacnamaíoch díreach, ach freisin trí bhagairt na smachtbhannaí tánaisteacha;

I. de bhrí go leanann leathadh údarásaíochas digiteach agus ollfhaireachas na Síne de bheith ag géarú laistigh den tSín agus níos faide i gcéin, lena ndírítear ar institiúidí agus sochaithe daonlathacha, agus go bhfuil an baol ann go mbunófar ord idirnáisiúnta nua a chuirfeadh an tsaoirse agus an daonlathas i mbaol ar fud an domhain; de bhrí go ndéanann líon mór mac léinn ón tSín staidéar in ollscoileanna na mBallstát, go háirithe i

réimse na dteicneolaíochtaí dé-úsáide, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hardriosca spiaireachta i gcásanna áirithe; de bhrí go bhfuil iar-phíolótaí trodaithe Eorpacha fostaithe ag arm na Síne agus go gcruthaíonn an earcaíocht sin baol tromchúiseach go n-aistreofaí faisnéis chriticiúil a chuireann leasanna straitéiseacha míleata na dtíortha lena mbaineann i mbaol; de bhrí go bhfuil uaillmhianta na Síne ag dul i méid i réimsí straitéiseacha amhail IS, néalríomhaireacht, leathsheoltóirí, nó crua-earraí; de bhrí go bhféadfaí na hionstraimí sin, go háirithe IS, a fhorbairt chun críocha míleata, lena ndéanfar an chéad réabhlóid eile i ngnóthaí míleata á stiúradh;

J. de bhrí go bhfuil riosca ilghnéitheach méadaitheach do shlándáil AE ag baint le héadáil bonneagair chriticiúil ag an tSín, go háirithe laistigh de AE agus ina chomharsanacht, lena n-áirítear na Balcáin Thiar agus an Afraic;

K. de bhrí go gceanglaítear le reachtaíocht náisiúnta na Síne a bhaineann le slándáil, amhail Dlí Slándála Náisiúnta 2015 Dhaon-Phoblacht na Síne, ar shaoránaigh agus ar eagraíochtaí tacaíocht agus cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí slándála poiblí, slándála stáit nó míleata Dhaon-Phoblacht na Síne;

L. de bhrí go bhfuil an chomhpháirtíocht straitéiseach Sino-Rúiseach a cuireadh ar bhonn foirmiúil le Ráiteas Comhpháirteach an 4 Feabhra 'maidir le ré nua a bheith i ndán sa chaidreamh idirnáisiúnta agus leis an bhforbairt inbhuanaithe dhomhanda' ag fás i gcónaí, lena n-áirítear i réimsí na teicneolaíochta agus an tsaineolais mhíleata agus an aistrithe cumais, ar bagairt í atá ag dul i méid ar shlándáil na hEorpa;

***Croílár na faidhbe: tuiscint ar straitéis cumaisc mhíleata-shibhialta na Síne***

1. á chur i bhfios go láidir gur clár faoi stiúir an stáit í straitéis cumaisc mhíleata-shibhialta na Síne (MCF) a bhfuil sé mar aidhm léi luamháin uile na cumhachta stáit agus tráchtála a ionstraimiú chun Páirtí Cumannach na Síne (CCP) agus an eite armtha atá aige, Arm Saortha Pobail na Síne (PLA) a neartú agus chun tacú leis, go háirithe trí theicneolaíochtaí ceannródaíocha an domhain a fháil agus a atreorú, agus é mar chuspóir leis an réimeas ollsmachtach a neartú agus ceannasacht mhíleata a bhaint amach;

2. á mheas gur minic a chuireann córas polaitiúil agus geilleagar na Síne atá faoi thionchar páirtithe de cheangal ar chuideachtaí príobháideacha a leasanna tráchtála a ailíniú le Páirtí Cumannach na Síne, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí míleata, a chur faoi chois, a thionchar agus a chur isteach polaitiúil; á thabhairt dá haire go n-úsáidtear cealla de Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí príobháideacha go coitianta mar uirlisí chun rialú díreach an pháirtí a chur i bhfeidhm; á thabhairt chun suntais, mar thoradh air sin, go dtacaíonn gníomhaíochtaí idirnáisiúnta cuideachtaí Síneacha le spriocanna Pháirtí Cumannach na Síne a thionchar i dtríú tíortha a leathnú, lena ndéantar an bonn a bhaint d'iomaitheoirí geopholaitiúla agus tionchar na Síne a mhéadú;

3. á chreidiúint nach mór MCF a thuiscint i gcomhthéacs geopholaitiúil, eacnamaíoch agus straitéiseach níos mó, agus na hidirnaisc atá aige le tionscnaimh eile á gcur san áireamh, amhail Tionscnamh an Chreasa agus an Bhóthair, Bóthar Digiteach an tSíoda (lena n-áirítear Made in China 2025, China Standards 2035), an Tionscnamh Slándála Domhanda, an Straitéis Déchúrsaíochta) agus an méadú atá ag teacht ar theanntás agus

ar ghothaí troda na Síne thar lear; á chreidiúint gurb é aidhm dheiridh atá le MCF sprioc straitéiseach fhadtéarmach an pháirtí-stáit a chur chun cinn chun, is é sin a bheith ar an bpríomhchumhacht dhomhanda ó thaobh tionchar polaitiúil, acmhainneachtaí eacnamaíocha, ceannas teicneolaíochta agus cumhacht míleata de, agus an bonn a bhaint ón ord idirnáisiúnta riailbhunaithe;

4. á mheabhrú go bhfuil sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne le blianta beaga anuas tosaíocht a bhaint amach san eolaíocht agus sa teicneolaíocht agus go ndreasaítear le straitéis MCF Pháirtí Cumannach na Síne comhroinnt torthaí taighde agus forbartha idir tionscail chosanta atá dírithe ar an margadh agus tionscail chosanta na Síne; á chur i bhfáth go bhfuil rabhaidh leantacha tugtha ag gníomhaireachtaí faisnéise i gcoinne na rioscaí a bhaineann le spleáchas eacnamaíoch, spiaireacht agus sabaitéireacht mar gheall ar láithreacht eacnamaíoch eintiteas ó thíortha áirithe nach bhfuil san Aontas, go háirithe an tSín, i mbonneagar criticiúil agus in earnálacha straitéiseacha ar fud AE; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, i ndáil leis sin, an brú polaitiúil a dearbhaíodh i bhformheas infheistíochtaí sonracha Síneacha i mbonneagar criticiúil, amhail sa chás ina ndearna rialtas na Gearmáine cinneadh inar aontaigh sé le fáil buin ag COSCO ag calafort Hamburg, rud a bhí contrártha le comhairle na n-institiúidí inniúla;

***Iarmhairtí straitéis Daon-Phoblacht na Síne maidir le straitéis cumaisc mhíleata-shibhialta na Síne***

5. ag tabhairt rabhadh faoin riosca go mbeadh baint éigin ag cuideachtaí Síneacha le sócmhainní straitéiseacha an Aontais, go háirithe na cuideachtaí sin a bhfuil naisc dhíreacha nó indíreacha acu le córais pholaitiúla-mhíleata nó faisnéise na Síne; á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, gur cúis bhuartha di go bhfuil an teicneolaíocht agus an saineolas teicneolaíochta a úsáidtear i ngníomhaíochtaí sibhialtacha, go háirithe sa réimse eacnamaíoch, fós á n-aistriú chuig míleata na Síne, rud a mhéadóidh cumas PLA an chéad ghlúin eile de theicneolaíocht mhíleata a fhorbairt, a fhéadfar a úsáid chun comhpháirtithe san Áise agus ar fud an domhain a chomhéigniú; ag tathant ar Bhallstáit AE maoirseacht rialála a mhéadú agus seiceálacha cúlra sonracha a thabhairt isteach ar dhaoine aonair agus ar eintitis dhlíthiúla a bhfuil naisc dhíreacha acu le rialtas na Síne;

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil 98 % d’éileamh AE ar thearc-chré á shásamh ag Daon-Phoblacht na Síne; ag cur béim ar an bhfíoras go dtáirgeann an tSín 70 % de cheallraí an domhain (ina bhfuil trí cinn de na cúig ollchuideachtaí monaraíochta ceallraí is fearr), gurb í is cúis le 60 % de tháirgeadh domhanda alúmanaim agus 75 % de tháirgeadh sileacain, chomh maith le 94 % de tháirgeadh domhanda gailliam agus thart ar 60 % de tháirgeadh gearmáiniam, agus gurb í an scagaire is mó de 60 % de phróiseáil litiam agus 70 % de phróiseáil chopair agus go dtáirgeann sí 84 % de nicil an domhain agus 85 % dá chóbalt; á chur i bhfios go láidir go bhfuil cuideachtaí mianadóireachta de chuid na Síne gníomhach sa tSeirbia (copar agus ór), i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (cóbalt), san Indinéis (nicil) agus sa tSile agus san Astráil (lithiam) agus go gcruthaíonn a garmhonaplacht ar tháirgeadh agus ar phróiseáil na dtráchtearraí criticiúla sin spleáchais ríthábhachtacha agus, dá bhrí sin, ní hamháin gur mórdhúshlán geopholaitiúil é do AE, ach go bhfuil riosca ollmhór ag baint léi freisin d’earnálacha cosanta na hEorpa agus do phríomhearnálacha tionsclaíocha eile chomh

maith lena huathriail straitéiseach oscailte agus a straitéis slándála eacnamaíche Eorpach;

7. á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis an méid sin, an togra ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla agus á iarraidh go ndéanfar a spriocanna a chur chun feidhme go pras chun athléimneacht shlabhra soláthair an Aontais a neartú; á mheabhrú go bhfuil amhábhair chriticiúla ríthábhachtach d'earnáil na slándála agus na cosanta agus chun go n-éireoidh le haistrithe digiteacha agus glasa an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhar le geallsealbhóirí an tionscail, an cinneadh maidir le spleáchas ar an tSín a laghdú de réir a chéile a chur chun feidhme trí fhoinsí na n-amhábhar criticiúil agus na n-eilimintí tearc-chré a éagsúlú, comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le tríú tíortha iontaofa d'fhonn soláthar slán agus iontaofa amhábhar criticiúil a áirithiú; ag tathant ar AE cabhrú leis na Ballstáit tionscadail a fhorbairt a mbeidh sé d'aidhm leo neamhspleáchas níos fearr ar tháirgeadh na Síne a bhaint amach;

8. ag tacú go láidir le héagsúlú soláthróirí agus comhpháirtithe i dtionscnaimh bhonneagair chriticiúil chun an leochaileacht i leith tionchair sheachtracha a laghdú, lena n-áiritheofar go n-íoslaghdófar spleáchas ar aon fhoinse aonair;

9. á chur in iúl gur cúis imní di go n-úsáidtear cáblaí faoin bhfarraige atá faoi úinéireacht phríobháideach arna soláthar ag cuideachtaí Síneacha, amhail HMN Technologies, eintiteas cibearfhaisnéise atá cleamhnaithe le PLA, chun tacú le cumarsáid taidhleoireachta agus mhíleata AE agus na mBallstát; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na córais cáblaí sonraí faoin bhfarraige, arna n-oibriú ag cuideachta Shíneach HMN Technologies, a nascann críocha Bhallstáit AE agus an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, lena n-áirítear bunáiteanna míleata na mBallstát agus ECAT, rud a chruthaíonn leochaileachtaí slándála maidir leis an gcibearshlándáil, faireachas faoi uisce, bailiúchán sonraí, agus bailiú faisnéise; I ndáil leis an méid sin, is cúis imní di freisin gur díoladh cuideachta Ollannach, arb í cnámh droma bhonneagar idirlín na hEastóine, le cuideachta Shíneach atá nasctha le PLA; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le hiarracht chomhpháirteach i measc na mBallstát chun cásanna comhchosúla a chosc;

10. á mheabhrú gur gá meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar bhonneagar agus ar sheirbhísí slándála faisnéise institiúidí an Aontais, go háirithe maidir le cumarsáid rúnaicmithe idir na hinstitiúidí agus misin agus oibríochtaí thar lear; á mheabhrú gur cheart an slabhra soláthair iomlán a chur san áireamh chun a áirithiú nach bhfuil aon nasc díreach ná indíreach ag na cuideachtaí le Daon-Phoblacht na Síne; á iarraidh go mbeadh forálacha sonracha i nósanna imeachta soláthair institiúidí AE chun teorainn a chur leis an riosca cur isteach, lena n-áirítear éadáil, cothabháil nó grinnfhiosrúchán ag tríú páirtí;

11. ag thabhairt rabhaidh go dtugann infheistíochtaí móra i gcalafoirt, in iarnróid agus in aerfoirt an deis do Bhéising faireachán agus rialú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí i bpríomhnóid lóistíochta a bhfuil gné bhunúsach straitéiseach ag baint leo;

12. á thabhairt chun suntais gurbh í an tSín an dara comhpháirtí ba mhó ag AE maidir le trádáil in earraí in 2022; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an caidreamh trádála agus

infheistíochta atá ag éirí níos neamhchothroime idir AE agus an tSín, rud a léirítear freisin leis an easnamh trádála de EUR 396 bhilliún ag AE in 2022, easnamh nach bhfacthas roimhe, agus leis an spleáchas ar allmhairí agus infheistíochtaí na Síne i roinnt earnálacha criticiúla; ag cur sonrú i mbeartas trádála idirnáisiúnta neamhchothrom na Síne i gcomhthéacs a straitéise déchúrsaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún ábhair imní AE a chur in iúl don tSín maidir lena cleachtais trádála atá á mbainistiú;

***Freagairtí a fhorbairt: an tsraith straitéisí a leathnú chun freagairt d'ábhair imní a bhaineann leis an tslándáil agus leis an gcosaint***

13. á áitiú gur príomhréimse de bhonneagar criticiúil AE é a ghréasán institiúidí taighde agus saoráidí taighde agus forbartha, a bhfuil ról tábhachtach acu i gcumas AE chun a ghealltanais maidir leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, in éineacht le príomhréimsí amhail cosaint spáis; á mheabhrú gur ann do na leochaileachtaí slándála atá nasctha le haistrithe éigeantacha teicneolaíochta, goid maoine intleachtúla agus sceitheadh eolais, in AE agus thar lear araon; á iarraidh go mbeidh forairdeall méadaithe ann agus na bagairtí sin á gcur san áireamh maidir le cumas AE chun nuálaíocht a dhéanamh agus fás a chothú;

14. á thabhairt dá haire go bhfuil cuideachtaí na Síne ar thús cadhnaíochta cheana féin i bpríomhtheicneolaíochtaí a úsáidtear in earnálacha amhail bonneagar gan sreang 5G, ladrainn, ceallraí, diúracáin hipearsonacha, fuinneamh gréine agus gaoithe, chomh maith le criptea-airgeadra; á chur in iúl gur cúis imní di úsáidí na dteicneolaíochtaí sin agus na spleáchais a chruthaíonn siad; á thabhairt dá haire, ina leith sin, go bhfuil 100 % de Líonra Rochtana Raidió (RAN) 5G sa Chipir comhdhéanta de threalamh Síneach, agus 59 % i gcás na Gearmáine; á chur i bhfáth go bhfuil sé sin ag teacht salach ar threoirlínte 'bosca uirlisí slándála 5G' an Aontais chun rioscaí slándála i líonraí a mhaolú agus á iarraidh ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún úsáid trealaimh agus bogearraí ó mhonaróirí atá bunaithe i nDaon-Phoblacht na Síne a eisiamh i bpríomhfheidhmeanna líonra; á mheabhrú go raibh Huawei rannpháirteach in 11 thionscadal faoin gclár Fís Eorpach go dtí mí an Mheithimh 2023, agus ar an gcaoi sin go bhfuair sé EUR 3.89 milliún de chistiú iomlán; ag tathant, dá bhrí sin, ar AE agus ar institiúidí Eorpacha scagadh córasach a dhéanamh ar chuideachtaí Síneacha a bhaineann tairbhe dhíreach nó indíreach as cláir Eorpacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo do AE agus, i gcás inar gá, deireadh a chur lena rannpháirtíocht; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, caighdeáin bhreise slándála a mholadh do sholáthraithe Síneacha 5G agus líonra 6G na chéad ghlúine eile;

15. á mheas go bhfuil aip TikTok, atá faoi úinéireacht ilchuideachta ByteDance na Síne, ag sárú an chreata Eorpaigh um phríobháideachas sonraí, rud a fhágann go bhféadfadh sé a bheith ina riosca agus ina foinse bréagaisnéise a fhaigheann tacaíocht ón tSín; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ó institiúidí an Aontais agus ó roinnt Ballstát de chuid an Aontais úsáid aip TikTok ar ghléasanna corparáideacha a chur ar fionraí, chomh maith le gléasanna pearsanta atá cláraithe i seirbhísí gléasanna móibíleacha na n-institiúidí;

16. ag tabhairt rabhaidh go bhfuil gá le machnamh práinneach ar conas neamhspleáchas straitéiseach oscailte AE a neartú agus a spleáchas ar thíortha amhail Daon-Phoblacht na Síne agus iomaitheoirí sistéamacha atá ina mbagairt slándála do AE a laghdú mar

gheall ar an meath ar an timpeallacht slándála san Eoraip, ina comharsanacht, agus ar fud an domhain; á chur i bhfáth gur gá cosc a chur ar theicneolaíochtaí íogaire atá ag teacht chun cinn agus ar phríomhítimí dé-úsáide, go háirithe iad siúd atá ríthábhachtach do shlándáil agus do chosaint an Aontais, ó bheith á n-aistriú chuig cinn scríbe ar údar imní iad a shaothraíonn nó a chomhoibríonn i straitéisí MCF; á mheas gur céim chriticiúil é bunú córas leictreonach uile-Aontais um cheadúnú custaim agus onnmhairiúcháin i dtreo comhrialuithe éifeachtacha Eorpacha ar onnmhairí agus ag tathant ar na Ballstáit uile na córais sin a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2024; á iarraidh, thairis sin, ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit an comhar leis na comhpháirtithe trasatlantacha agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn leo a neartú maidir le bonneagar criticiúil a chosaint, agus an daonlathas a chosaint agus ár gcomhluachanna, ár slándáil agus ár rathúnas a chaomhnú;

17. á chur in iúl gur cúis bhuartha di i gcónaí go bhfuil bonneagar criticiúil na hEorpa, ó líonraí teileachumarsáide go saoráidí calafoirt, ag éirí níos leochailí ó thaobh tionchar seachtrach de; ag moladh, i ndáil leis sin, na gcéimeanna reachtacha a glacadh le déanaí chun athléimneacht eintiteas criticiúil san Aontas a fheabhsú; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, áfach, go bhfuil na tionscnaimh sin teoranta den chuid is mó do nósanna imeachta scagtha IDC, rud a fhágann bealaí eile ar oscailt do Pháirtí Cumannach na Síne rochtain a fháil ar shócmhainní criticiúla agus tionchar a imirt orthu, lena n-áirítear trí ghabháil scothaicme, aistrithe teicneolaíochta agus maoine intleachtúla, chomh maith le spleáchais an tslabhra soláthair agus an mhargaidh díolacháin; á thabhairt dá haire go bhfuil sé ríthábhachtach go mbunófaí creat críochnúil measúnaithe riosca agus mapála chun sócmhainní bonneagair chriticiúil agus na soghabháltachtaí a bhaineann leo a shainaithint; á mheas gur gá rochtain na Síne agus tríú tíortha ar bhonneagar criticiúil san Aontas a mhapáil, a rianú agus a mheasúnú agus dul ar aghaidh go comhpháirteach le bearta maolaitheacha i gcás inar gá; á iarraidh ar an gCoimisiún, i ndáil leis sin, le tacaíocht ó na Ballstáit, fardal uileghabhálach de shócmhainní criticiúla a thiomsú agus meastóireacht chórasach a dhéanamh ar a leochaileacht i leith tionchair sheachtracha; agus á iarraidh, dá bhrí sin, go leathnófaí na tionscnaimh reachtacha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún, roimh dheireadh an téarma pharlaimintigh seo, anailís mhionsonraithe a roinnt leis an bParlaimint ar na rioscaí trádála atá nasctha le teicneolaíochtaí amhail leathsheoltóirí, ríomhaireacht chandamach, blocshlabhraí, spás, intleacht shaorga, bith-theicneolaíochtaí agus an gá le gníomhaíocht AE a d’fhéadfadh a bheith ann sna réimsí sin;

19. á mheabhrú go dtugtar aghaidh sa Rialachán maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh[14] ar rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí a eascraíonn as infheistíochtaí ó lasmuigh de AE; ag cur sonrú i mbreisluach na sásra um scagadh mar uirlis ábhartha lena dtugtar do AE agus do na Ballstáit forléargas straitéiseach agus feasacht staide na dtreochtaí, na spriocanna, na meán agus na modhanna arna n-úsáid ag gníomhaithe eachtracha chun a dtionchar eacnamaíoch agus polaitiúil a mhéadú; á iarraidh go ndéanfaí na hionstraimí reatha lena dtugtar aghaidh ar IDC agus ar fhóirdheontais eachtracha a leathnú chun nósanna imeachta scagtha ginearálaithe a

[14] Rialachán (AE) 2019/452 an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh, [IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1](#).

áireamh do na geallsealbhóirí uile atá rannpháirteach i dtionscadail bhonneagair chriticiúil AE lena gcuimsítear gach modh rannpháirtíochta in iarrachtaí criticiúla bonneagair, lena n-áirítear fiontair chomhoibritheacha, comhpháirtíochtaí agus aistrithe teicneolaíochta; á chur i bhfios go láidir freisin go bhfuil gnáthmheastóireachtaí ar thionscadail bhonneagair chriticiúil lena mbaineann geallsealbhóirí neamh-AE bunriachtanach agus á chreidiúint gur cheart grinnscrúdú ar struchtúir úinéireachta, spleáchais laistigh de shlabhraí soláthair, agus aistriú na teicneolaíochta a bhaineann leis na tionscadail sin a chuimsiú sa phróiseas sin; á mheas freisin gur gá caighdeáin díchill chuí a bhunú chun giaráil na Síne ar infheisteoirí i mbonneagar criticiúil AE a shainaithint, agus á chur i bhfios go láidir gur cheart feidhm chomhionann a bheith ag an gcur chuige sin maidir le tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha; á chur i bhfáth gurb iad na Ballstáit atá freagrach ar deireadh as cosaint bonneagair, ach nár chuir siad treoirlínte reatha maidir le IDC; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, ina leith sin, nach bhfuil sásraí um scagadh ar infheistíocht eachtrach sa bhonneagar criticiúil i bhfeidhm nó in úsáid ag na Ballstáit uile; á iarraidh go práinneach ar na Ballstáit an reachtaíocht reatha a bhaineann le IDC agus maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil a chur chun feidhme go comhsheasmhach;

20. á chur in iúl gur oth léi, i ndáil leis sin, an easpa scagtha leormhaith ar na rioscaí a bhaineann le cur isteach ar sholáthar poiblí a bhaineann le trealamh slándála, amhail cás an chonartha arna shíniú ag aerfort Strasbourg chun scanóirí slándála aerfoirt agus geataí arna soláthar ag fochuideachta Eorpach na cuideachta Síneach Nuctech, atá faoi pháirtúinéireacht ag rialtas na Síne agus atá faoi cheangal ag an mbeartas ‘Fronta Aontaithe’ a shuiteáil; ag tabhairt rabhadh go bhféadfadh aon teicneolaíochtaí den sórt sin bearnaí slándála ionsuite a ionchorprú nó rochtain a fháil orthu le linn a gcothabháil; ar an taobh eile, á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ó rialtas na Rómáine deireadh a chur leis an gcaibidlíocht le China General Nuclear Power Corporation, CGNPC, maidir le tógáil imoibreoirí núicléacha 3 agus 4 ag Cernavoda;

21. á chur i bhfáth, áfach, nach mór cothromaíocht straitéiseach a aimsiú idir oscailteacht mhargadh aonair AE agus a tharraingteacht d’infheistíochtaí, ar thaobh amháin, agus bonneagar criticiúil agus uathriail chriticiúil AE a chosaint ar an taobh eile, i bhfianaise leochaileachtaí slándála AE, go háirithe maidir le comhéigean eacnamaíoch nó bagairtí ar shláine bhonneagar criticiúil AE;

22. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun tionchar a thuairimí maidir le scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche a dhéanamh níos mó, chun saobhadh an mhargaidh aonair agus sodar go grinneall i measc na mBallstát a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhchuibhiú a mhéadú, lena n-áirítear trí shaineolas iomchuí a fhorbairt, agus an rialachán um scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche a chur chun feidhme go hiomlán; á chreidiúint go bhfuil deis agus gá ann chun an rialachán a neartú ina athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ag deireadh na bliana; á mholadh don Choimisiún togra uaillmhianach reachtach ar rialachán athbhreithnithe a chur i láthair, lena dtugtar aghaidh ar gach lúb ar lár a tháinig chun cinn le linn a chur chun feidhme, agus meastóireacht a dhéanamh go tapa ar an bhféidearthacht go mbeidh togra reachtach ann maidir le sásra um scagadh ar infheistíochtaí amach; á mholadh go gcuirfí aon sásra um scagadh ar infheistíocht amach atá beartaithe le measúnú tionchair lena n-áirítear comhairliúchán iomchuí le

gnólachtaí chun aon iarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hiomaíochas na hEorpa a íoslaghdú;

23. á chur in iúl gur geal léi an cur chuige nua 'dí-rioscaithe' sa straitéis slándála eacnamaíche na hEorpa an 20 Meitheamh 2023 atá beartaithe, a bhfuil sé mar aidhm léi na tairbhí a bhaineann le hoscailteacht eacnamaíoch AE a uasmhéadú agus uathriail straitéiseach oscailte AE a chosaint, a chur chun cinn agus a neartú, agus na rioscaí a eascraíonn as spleáchais eacnamaíocha agus an t-armáil a d'fhéadfadh a bheith ann leo a íoslaghdú ag an am céanna, lena n-áirítear infheistíochtaí agus comhar taighde i bpríomhtheicneolaíochtaí cumasúcháin a bhfuil feidhmeanna míleata acu, inter alia, i réimsí na ríomhaireachta candamaí, na n-ard-leathsheoltóirí agus na hintleachta saorga; ; á iarraidh go nglacfaí go pras na tograí ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún agus á iarraidh ar na Ballstáit creat rialála leathnaithe an Aontais a chur chun feidhme go hiomlán chun eintitis a d'fhéadfadh rannchuidiú le MCF a eisiamh agus roghanna malartacha a aimsiú le haghaidh tionscadail arna maoiniú ag an tSín san Aontas trí chur chuige cuimsitheach a fhorbairt chun rioscaí do shlándáil eacnamaíoch na hEorpa a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú i gcoiteann;

24. á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, an togra ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún chun sceitheadh teicneolaíochtaí íogaire atá ag teacht chun cinn a chosc trí liosta teicneolaíochtaí dé-úsáide a bhunú, bunaithe ar chritéir atá sainithe go cúng agus réamhbhreathnaitheach, amhail cineál cumasúcháin agus claochlaitheach féideartha na teicneolaíochta, an baol go mbeadh cumasc míleata-sibhialta ann, agus an baol go mbainfí mí-úsáid as an teicneolaíocht chun cearta an duine a shárú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na bearta cosanta ábhartha do na teicneolaíochtaí dé-úsáide sin a shainaithint agus a chur chun feidhme a luaithe is féidir;

25. á iarraidh, ina leith sin, ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, sásra mearfhreagartha a dhearadh chun dé-úsáid nó mí-úsáid bonneagar in AE faoi úinéireacht, rannpháirtíocht nó lamháltas na Síne a bhrath, a d'fhéadfaí a úsáid chun na cearta lamháltais a fhoirceannadh agus/nó an cumas sa réimse sin a chur ar fionraí sna cásanna úinéireachta agus rannpháirtíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid na Parlaiminte maidir leis an méid seo a leanas:

(a) dé-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ag bonneagar straitéiseach a bhrath, ar bonneagar é lena soláthraítear tacaíocht lóistíochta agus faisnéise don tSín;

(b) urramú iomlán reachtaíocht trádála AE, go háirithe maidir le dícheall cuí, frith-chomhéigean agus earraí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thagann isteach i margadh AE;

26. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an Gníomh Eorpach um Shliseanna, lena méadófar cumas an Aontais leathsheoltóirí a tháirgeadh agus lena gcruthófar, inter alia, léarscáil straitéiseach de bhearnaí cumais sa slabhra luacha leathsheoltóra san Aontas, rud a chuirfidh teorainn le spleáchas an Aontais ar thríú tíortha amhail an tSín; á iarraidh go ndéanfaí tuilleadh tograí chun slabhraí táirgthe agus soláthair an bhonneagair chriticiúil agus na n-ábhar criticiúil a dhaingniú laistigh den Aontas; á iarraidh, thairis sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tionscnaimh bhreise a fhorbairt lena ndíreofar ar chomhordú agus comhar níos dlúithe a chumasú le comhpháirtithe agus

comhghuaillithe atá ar aon intinn leo, agus faireachán agus forbairt bhreise a dhéanamh, i gcás inar féidir agus i gcomhréir le haidhm an Aontais tuilleadh spleáchas, acmhainneachtaí táirgthe domhanda agus slabhraí soláthair a laghdú i mbonneagar criticiúil agus in ábhair chriticiúla atá ríthábhachtach do shlándáil agus do chosaint an Aontais; ag tarraingt aird ar leith ar an Téaváin, a bhfuil ról suntasach aici sna slabhraí soláthair domhanda agus san ord idirnáisiúnta riailbhunaithe; ag athdhearbhú a tacaíochta seanbhunaithe don Chomhaontú Déthaobhach Infheistíochta idir AE agus an Téaváin agus le haon socruithe a théann chun tairbhe don trádáil dhéthaobhach agus don infheistíocht dhéthaobhach;

27. á iarraidh ar an gCoimisiún creat reachtach nua a mholadh chun na rioscaí slándála a thagann ó sholáthraithe córas cáblaí faoin bhfarraige a mhaolú, lena n-áirítear trí fhaireachán níos déine agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar struchtúir úinéireachta na soláthróirí sin, trí na hinfheistíochtaí a rinne siad roimhe seo i gcórais cháblaí faoin bhfarraige agus trí ghaireacht na gcóras cáblaí faoin bhfarraige do bhunáiteanna míleata Eorpacha agus comhghuaillithe; á chur i bhfáth gur gá cosc a chur ar sholáthraithe córas cáblaí, amhail cuideachtaí Síneacha, sonraí a chomhroinnt le seirbhísí faisnéise seachas chun an bonneagar a chosaint ar ionraí lasmuigh nó ar ionsaithe urchóideacha; á iarraidh, ina leith sin, go mbeadh tionscnaimh dírithe ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar chuideachtaí faoi úinéireacht Eorpach nó bunaithe san Eoraip i réimse na gcóras cáblai faoin bhfarraige;

28. á chur i bhfios go láidir nach mór do fhreagairtí AE a bheith bunaithe ar thuiscint mhéadaithe ar an scéal ábhartha straitéiseach atá dírithe ar mheasúnuithe bagartha agus staidéir leochaileachta trasbheartais agus trasnáisiúnta maidir le bonneagar criticiúil; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhféadfadh cur chuige díláraithe nó faillíoch, ina bhfuil easpa infheictheachta soiléire agus grinnscrúdaithe ar thionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach acu maidir le cosaint agus slándáil na hEorpa, dochar mór a dhéanamh do leasanna geopholaitiúla an Aontais[15]; á mheabhrú go bhfuil leochaileachtaí atá nasctha le trasnaíocht eachtrach, sa spás faisnéise go sonrach, agus an t-idirghníomhú idir tionscadail FDI agus oibríochtaí ionramhála ar fhaisnéis arna ndéanamh ag gníomhaithe eachtracha urchóideacha;

***Nasc inmheánach/seachtrach: athléimneacht na gcomhpháirtithe is dlúithe atá ag an Aontas a neartú***

29. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an dul i bhfód atá á dhéanamh ag Daon-Phoblacht na Síne ar mhargadh an Aontais agus ar a chomharsanacht i gcoitinne; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a áirithiú go ndéanfar na bearta a dhéantar chun athléimneacht AE a neartú i bhfianaise thionchar na Síne, lena n-áirítear dí-rioscú, éagsúlú agus laghdú ar spleáchais chriticiúla, a leathnú chuig na comhpháirtithe is dlúithe atá ag an Aontas, go háirithe na tíortha aontachais agus na tíortha sin atá mar chuid de bheartas comharsanachta an Aontais;

30. á mheabhrú go bhfuil modhanna agus uirlisí dlíthiúla ag fórsaí cabhlaigh Dhaon-Phoblacht na Síne chun a áirithiú gur féidir longa sibhialtacha agus bonneagar

[15] Roinn Beartais um Chaidreamh Seachtrach d' Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha an Aontais, 'Security implications of China-owned critical infrastructure in the European Union' [Impleachtaí slándála maidir le bonneagar criticiúil faoi úinéireacht na Síne san Aontas Eorpach], Meitheamh 2023.

sibhialtach na Síne a úsáid chun críocha míleata agus slándála; á mheas gur féidir leis an tSín a bonneagar sibhialtach tráchtála a úsáid chun tacú le láithreacht PLA i dtríú tíortha; ag tabhairt rabhadh go dtugann an cumasc míleata-sibhialta sin rochtain do PLA ar chalafoirt eachtracha, rud a chuireann ar a chumas tacaíocht lóistíochta a réamh-shuí chun imscaradh cabhlaigh a chothú i bhfad i gcéin amhail an tAigéan Indiach, an Mheánmhuir agus an tAigéan Atlantach; á chur i bhfios go láidir gurb iad na rioscaí is mó a bhaineann le spiaireacht nuair atá sócmhainní tráchtála sibhialtach na Síne lonnaithe i moil lóistíochta gar do bhunáiteanna cabhlaigh AE agus ECAT nó d'oibreoirí calafoirt a bhfuil comhaontuithe sínithe acu chun tacaíocht lóistíochta a chur ar fáil do chuideachtaí Eorpacha; á iarraidh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt go práinneach ar an ngá atá le laghdú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le spiaireacht agus sabaitéireacht i mbonneagar criticiúil, go háirithe iad siúd a bhfuil feidhm mhíleata acu, amhail calafoirt a úsáideann ECAT; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, nach mór do AE agus ECAT oibriú le chéile chun plean fadtéarmach a fhorbairt chun cur i gcoinne straitéis MCF na Síne san Eoraip agus á iarraidh go gcuirfí chun feidhme go hiomlán an tuarascáil mheasúnaithe deiridh ó thascfhórsa AE-ECAT[16];

31. á thabhairt dá haire gur tairseacha don domhan iad calafoirt agus, dá réir sin, go bhfuil ról ríthábhachtach acu i ngeilleagar AE; á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil eintitis atá faoi úinéireacht na Síne nó atá faoi rialú na Síne tar éis a mbunanna a mhéadú go straitéiseach i gcalafoirt Eorpacha agus i mbonneagar calafoirt na hEorpa; á iarraidh ar an gCoimisiún creat beartais straitéiseach AE a thíolacadh chun tionchar agus rialú oibríochtúil na Síne agus réimis eile a laghdú agus a theorannú; á mheabhrú freisin go léiríonn Daon-Phoblacht na Síne cumhacht thar lear trí líonra calafort tráchtála agus saoráidí dé-úsáide a úsáid lena gcuirtear tacaíocht lóistíochta agus faisnéise ar fáil do chabhlach na Síne; á thabhairt dá haire go raibh críochfoirt faoi úinéireacht nó á n-oibriú ag cuideachtaí Síneacha in 96 chalafort ar fud 53 thír in 2022; á thabhairt dá haire, thairis sin, i naoi gcalafort ar a laghad, a bhfuil dhá cheann acu san Eoraip, go ndearnadh deisiúcháin nó cothabháil shuntasach ar longa cogaidh Chabhlach Arm Saortha Pobail na Síne (PLAN) le haghaidh soithí agus trealaimh; á chur i bhfios go nochtar le cuairteanna cabhlaigh réimsí tionchair, limistéir oibríochtúla tosaíochta, cuspóirí bailiúcháin faisnéise agus tosaíochtaí comhair;

32. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le cur chuige geopholaitiúil maidir le comhar domhanda i ndáil le bonneagar criticiúil chun go mbeidh AE in ann aghaidh a thabhairt go rathúil ar na dúshláin slándála nua; á thabhairt dá haire go ndearna fiontair de chuid na Síne atá faoi úinéireacht an stáit aon trian de bhonneagar uile na hAfraice a tógadh ó 2010 i leith, lena n-áirítear thart ar 50 % de líonraí 3G na hAfraice agus 70 % dá líonraí 4G, a mhaoiniú agus a thógáil; á chur i bhfios go láidir, le 20 bliain anuas, go bhfuil an tSín tar éis méadú USD 160 billiún a dhéanamh ar a gealltanais trádála, infheistíochta agus iasachta le Rialtais na hAfraice agus lena bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar beag na hoibleagáidí conarthacha, nó ar theimhneach na hoibleagáidí céanna a ghabhann leo, den chuid is mó maidir le hiompar, giniúint cumhachta, mianadóireacht agus teileachumarsáid; á thabhairt chun suntais go háirithe go bhfuil suas le 70 % de bhonneagar teicneolaíochta faisnéise na hAfraice tógtha ag cuideachta

[16] An Coimisiún Eorpach, EU-NATO Task Force on the resilience of critical infrastructure: Final assessment report [Tascfhórsa AE-ECAT maidir le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil: Tuarascáil mheasúnachta deiridh, Meitheamh 2023.

teileachumarsáide Síneach amháin, chomh maith leis an ról atá ag cuideachtaí Síneacha i maoiniú, tógáil, leathnú agus athchóiriú 14 líonra íogaire teileachumarsáide laistigh den rialtas san Afraic ar a laghad;  á chur in iúl gur cúis imní di gur léir go bhfuil samhail na Síne tarraingteach do go leor tíortha nach féidir leo nó nach bhfuil toilteanach ceanglais AE chun rochtain a fháil ar leibhéil choibhéiseacha airgeadais, rud a leathnaíonn tionchar na Síne chun dochair do chomhpháirtíochtaí AE agus a spreagann rioscaí maidir le fiachas neamh-inbhuanaithe do na tíortha sin, rud a dhéanann dochar dá bhforbairt fhadtéarmach chun dochair dá bpobal áitiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar SEGS agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí, lena n-áirítear infheistíochtaí a mhealladh ón earnáil phríobháideach, chun Pacáiste Infheistíochta na Tairsí Domhanda de EUR 150 billiún a chur chun feidhme, a comhaontaíodh ag an 6ú Cruinniú Mullaigh idir AE agus an tAontas Afracach i mí Feabhra 2022;  ag tathant ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún tionscadail a chur chun feidhme go pras, go háirithe tionscadail treoraithe, faoin tionscnamh;

33. á chur i bhfios go láidir gur cúis imní di go bhféadfaí straitéis Dhaon-Phoblacht na Síne chun ‘bonn comhair leis an an ngeilleagar gorm’ a thógáil feadh chósta na hAfraice, lena n-áirítear trí shoithí iascaireachta agus saoráidí deisiúcháin soithí a thógáil, a úsáid freisin chun críoch míleata; á chur i bhfáth go bhfuil easpa sonraí agus trédhearcachta ginearálta ann maidir leis na comhaontuithe agus na ceadúnais sin le tíortha na hAfraice; ag leagan amach na n-iarmhairtí geopholaitiúla a d’fhéadfadh a bheith ann don Aontas, go háirithe i dtríú tíortha ina bhfuil an tAontas rannpháirteach;

°

° °

34. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an tSín ag fáil rochtain níos mó agus níos mó ar bhonneagar Eorpach agus ar earnálacha atá ríthábhachtach don Aontas agus tá tionchar á imirt aici orthu.

Tugtar aghaidh sa tuarascáil sin ar na himpleachtaí slándála agus cosanta a bhaineann le tionchar na Síne ar bhonneagar criticiúil san Aontas. Leagtar amach ann saintréithe chóras sochpholaitiúil na Síne agus go háirithe a straitéis cumaisc mhíleata-shibhialta (MFC), lena bhfuil cuideachtaí Síneacha agus a ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta ina leathnú ar Pháirtí Cumannach na Síne, a bhfuil sé mar aidhm aige a cheannasacht a mhéadú i dtíortha eachtracha chun ceannasacht gheopholaitiúil a bhaint amach.

Sainaithnítear sa tuarascáil ábhair imní shonracha maidir le straitéis MCF na Síne lena ndírítear ar aistriú teicneolaíochta, agus go háirithe tugtar rabhadh inti faoi leochaileachtaí an Aontais a eascraíonn as monaplacht na Síne ar roinnt príomhtheicneolaíochtaí agus amhábhar criticiúil. Dá bhrí sin, moltar ann gur gá don Aontas a spleáchais sheachtracha a laghdú agus éagsúlú a shlabhra soláthair a mhéadú agus straitéisí comhordaithe a fhorbairt chun bonneagar criticiúil a mhapáil ar fud an Aontais, rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le cur isteach eachtrach mailíseach a shainaithint agus a mheasúnú agus bearta a chur chun feidhme chun aon bhagairt slándála ar an Aontas a chosc nó a íoslaghdú.

Ar deireadh, leagtar béim sa tuarascáil ar a thábhachtaí atá sé an creat rialála a neartú maidir le hinfheistíochtaí isteach agus amach araon a scagadh, lena n-áiritheofar cur chuige cothrom lena gcosnófar leasanna slándála an Aontais agus lena gcaomhnófar iomaíochas na hEorpa ag an am céanna.

## IARSCRÍBHINN:
## NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó ó na daoine a leanas in ullmhú na tuarascála, go dtí go nglacfar sa choiste í:

| **An t-eintiteas agus/nó an duine** |
|---|
| Trans European Policy Studies Association (TEPSA) |

Déantar an liosta thuas a tharraingt suas faoi fhreagracht eisiach an Rapóirtéara.

24.10.2023

## TUAIRIM ÓN GCOISTE UM THRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

ar impleachtaí slándála agus cosanta thionchar na Síne ar bhonneagar criticiúil san Aontas Eorpach
(2023/2072(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Iuliu Winkler

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á thabhairt chun suntais gurbh í an tSín an dara comhpháirtí ba mhó ag AE maidir le trádáil in earraí in 2022; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an caidreamh trádála agus infheistíochta atá ag éirí níos neamhchothroime idir AE agus an tSín, rud a léirítear freisin leis an easnamh trádála de EUR 396 bhilliún ag AE in 2022, easnamh nach bhfacthas roimhe, agus leis an spleáchas ar allmhairí agus infheistíochtaí na Síne i roinnt earnálacha criticiúla; á thabhairt chun suntais gur ann do bheartas trádála idirnáisiúnta neamhchothrom na Síne i gcomhthéacs a straitéis déchúrsaíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún ábhair imní AE a chur in iúl don tSín maidir lena cleachtais trádála atá á mbainistiú;

2. á chur in iúl gurb eol di go bhfuil an íomhá dhearfach atá ag táirgí ar de thionscnamh an Aontais iad i measc mheánaicme mhéadaitheach na Síne, atá níos mó ná daonra uile AE cheana féin, ríthábhachtach chun go n-éireoidh le hallmhairí AE chuig an tSín, rud a raibh comhluach breis agus EUR 230 billiún leis in 2022;

3. ag tabhairt dá haire gurbh í an tSín an seachtú infheisteoir is mó in AE in 2021 agus gur tháinig laghdú leanúnach ar infheistíochtaí na Síne san Eoraip in 2022, agus íosphointe EUR 7.9 billiún a shroicheadh, arbh é an pointe is ísle le 10 mbliana, agus patrún difriúil ná an téarnamh domhanda sna sreafaí d'infheistíocht dhíreach choigríche a chonacthas in 2021 á leanúint; ag cur sonrú san aistriú ar Infheistíocht Dhíreach Eachtrach na Síne ó chumaisc agus éadálacha chuig infheistíochtaí úrnua, a bhfuil buaic 10 mbliana sroichte acu, lena n-áirítear teicneolaíocht ceallraí, ar earnáil ríthábhachtach é don aistriú glas[1]; ag tabhairt dá haire go bhfuil Infheistíocht Dhíreach Eachtrach na Síne, de réir measúnacht arna déanamh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar thréimhse 2000-2020, tar éis aistriú freisin i dtreo réimsí straitéiseacha amhail iompar agus bonneagar, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus fuinneamh; á chur in iúl gur geal léi infheistíocht neamhshaofa na Síne, ar choinníoll nach ndéanfaidh sé dochar don

[1]Grúpa Rhodium, 'IDC na Síne san Eoraip: Nuashonrú 2022', 9 Bealtaine 2023.

tslándáil ná don ord poiblí; ag cur béim ar an bhfíoras, ag an am céanna, nach mór scagadh leormhaith infheistíochtaí a shaothrú;

4. á chur i bhfios go dtacaíonn córas polaitiúil na Síne le hinfheisteoirí bunaithe ar theaglaim de ghníomhaithe príobháideacha agus stáit nó d'fhiontair faoi úinéireacht stáit, atá nasctha go dlúth leis an bpáirtí atá i gceannas, agus dá bhrí sin, tugtar débhríocht maidir leis an leas sna hinfheistíochtaí i mbonneagar criticiúil tríú tíortha;

5. ag aithint na gconclúidí ar an tSín a ghlac Comhairle na hEorpa ag a cruinniú an 29 agus 30 Meitheamh 2023; á chur in iúl go bhfuil sí dearfa de go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis an gcaidreamh trádála agus infheistíochta idir AE agus an tSín agus gur cheart go mbeadh sé cóir, trédhearcach, inbhuanaithe, cómhalartach, cothrom agus bunaithe ar rialacha, agus comhaontuithe idirnáisiúnta saothair agus comhshaoil ina chroílár, ar leibhéal déthaobhach nó faoin gcóras iltaobhach trádála; ag tabhairt dá haire gur cheart don tSín tacú le hathchóiriú uaillmhianach na hEagraíochta Domhanda Trádála sa chomhthéacs sin;

6. á chur in iúl gur oth léi nach mar sin don scéal faoi láthair, agus aird á tabhairt go háirithe ar easnamh fadbhunaithe na cómhalartachta mar gheall ar chleachtais Rialtas na Síne agus na cuideachtaí a bhfuil faoi rialú aige; á chreidiúint go bhfuil tábhacht mhór ag baint le bosca uirlisí trádála AE, ina bhfuil bearta trádála amhail ionstraimí cosanta trádála, scagadh ar Infheistíocht Dhíreach Choigríche, ionstraimí soláthair phoiblí idirnáisiúnta agus ionstraimí maidir le fóirdheontais eachtracha, an Rialachán maidir le Forfheidhmiú[2], an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla, an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, an ionstraim frith-chomhéigin chomh maith le straitéis Eorpach um an tslándáil eacnamaíoch, maidir le húinéireacht eachtrach, rialú nó rochtain bhonneagar criticiúil AE; á iarraidh ar an gCoimisiún na bearta sin a chur feidhme go hiomlán chun aghaidh a thabhairt ar an gcaidreamh éagothrom trádála agus infheistíochta agus chun leochaileachtaí AE a mhaolú; ag tabhairt dá haire gur cheart go mbeadh infheistíochtaí na Síne in AE i gcomhréir le dlí AE agus dlí náisiúnta; ag moladh gníomhaíocht láidir AE i gcoinne rialacháin éagóracha na Síne a bhfuil tionchar acu ar thrádáil agus infheistíocht;

7. ag cur béim ar an bhfíoras gur príomhspreagthóirí iad an trádáil agus an infheistíocht don fhás inbhuanaithe, do chruthú post agus don nuálaíocht agus gur cheart don Aontas, dá bhrí sin, a oscailteacht eacnamaíoch a choinneáil[3]; á chur i bhfáth, áfach, nach mór cothromaíocht straitéiseach a aimsiú idir cineál oscailte agus tarraingteacht infheistíochta mhargadh aonair AE ar thaobh amháin agus bonneagar criticiúil agus uathriail chriticiúil AE a chosaint ar an taobh eile, i bhfianaise leochaileachtaí slándála AE, go háirithe maidir le comhéigean eacnamaíoch nó bagairtí ar shláine bhonneagar criticiúil AE;

8. á aithint, i gcásanna áirithe, gur féidir le trádáil eachtrach agus infheistíocht eachtrach

---

[2] Rialachán (AE) 2021/167 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 10 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 654/2014 maidir le feidhmiú chearta an Aontais chun rialacha trádála idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú IO L 49, 12.2.2021, lch. 1.

[3]Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Feabhra 2021 dar teideal *Trade Policy Review – An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy* [Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála atá Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach](COM(2021)0066).

leochaileachtaí slándála a chruthú, lena n-áirítear maidir le húinéireacht eachtrach bhonneagar criticiúil AE, rialú air nó rochtain air;

9. á chur in iúl gur cúis bhuartha di fás teanntásach eacnamaíoch agus geopholaitiúil na Síne, a bhfuil tionchar suntasach aige ar fhorbairtí domhanda eacnamaíocha agus polaitiúla, go háirithe sa Domhan Theas, trína Tionscnamh Creasa agus Bóthair; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit éadálacha bonneagar criticiúil na Síne sna Balcáin Thiar agus i dtíortha comharsanachta AE a scagadh, agus aird ar leith á tabhairt; á iarraidh ar an tSín trédhearcacht tionscadail BRI a mhéadú, i bhfianaise na n-iasachtaí iomadúla BRI a raibh tearcfheidhmíocht leo agus atá inmharthana ó thaobh airgeadais de;

10. á chur i bhfáth, mar chomhpháirtí iontaofa, gur cheart do AE dul i dteagmháil le tíortha comhpháirtíochta ar bhonn cothrom, agus comhpháirtíochtaí fadtéarmacha agus comhthairbheacha á bhforbairt; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí chun a áirithiú go dtacaíonn infheistíochtaí AE i dtíortha comhpháirtíochta leo, go háirithe trí thionscadail Global Gateway, maidir lena n-aistrithe cóir agus inbhuanaithe, agus go dtugtar tairbhí dóibh ar an láthair, i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta aeráide, coinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais agus dlí daonnúil idirnáisiúnta agus um chearta an duine;

11. á chur in iúl gur geal léi an cur chuige nua 'dí-rioscaithe' sa straitéis slándála eacnamaíche na hEorpa[4] an 20 Meitheamh 2023 atá beartaithe, a bhfuil sé mar aidhm léi na tairbhí a bhaineann le hoscailteacht eacnamaíoch AE a uasmhéadú agus uathriail straitéiseach oscailte AE a chosaint, a chur chun cinn agus a neartú, agus na rioscaí a eascraíonn as idirthuilleamaíochtaí eacnamaíocha agus an t-armáil a d'fhéadfadh a bheith ann leo a íoslaghdú ag an am céanna, agus rialú nó tionchar eachtrach ar bhonneagar criticiúil a íoslaghdú freisin; á chur in iúl gur geal léi go n-aithnítear go sainráite sa straitéis gur príomhleochaileachtaí slándála do gheilleagair na hEorpa iad na rioscaí do shlándáil fhisiciúil agus do chibearshlándáil an bhonneagair chriticiúil; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di líon méadaitheach na ngnólachtaí atá bunaithe san Aontas ar díríodh orthu le dúmhál, spiaireacht thionsclaíoch, sabaitéireacht nó goid sonraí a bhaineann le trádáil; á chur in iúl gur cúis bhuartha chomh mór céanna di gurb í an tSín an dara tír thionscnaimh is coitianta as a dtagann na hionsaithe sin; á chur in iúl go bhfuil sí dearfa de gur cheart go mbeadh sé ina phríomhghné i gcur chun feidhme na straitéise bonneagar criticiúil a chosaint; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit chun uathriail straitéiseach oscailte a bhaint amach sna réimsí uile ina bhfuil baol go mbeidh AE róspleách ar an tSín mar gheall ar a cheannasacht;

12. á chur i bhfios go láidir nach mór do fhreagairtí AE a bheith bunaithe ar thuiscint mhéadaithe ar an scéal ábhartha straitéiseach atá dírithe ar mheasúnuithe bagartha agus staidéir leochaileachta trasbheartais agus trasnáisiúnta maidir le bonneagar criticiúil; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhféadfadh tuiscint dhíláraithe, ina bhfuil easpa infheictheachta soiléire agus grinnscrúdaithe ar thionscadail a bhfuil tábhacht straitéiseach acu maidir le cosaint agus slándáil na hEorpa, dochar mór a dhéanamh do

[4] Teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 20 Meitheamh 2023 maidir le 'Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch' (JOIN(2023)0020),

leasanna geopholaitiúla an Aontais[5]; á mheabhrú go bhfuil leochaileachtaí atá nasctha le trasnaíocht eachtrach, sa spás faisnéise go sonrach, agus an t-idirghníomhú idir tionscadail FDI agus oibríochtaí ionramhála ar fhaisnéis arna ndéanamh ag gníomhaithe eachtracha urchóideacha;

13. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go gcaomhnófar agus go gcosnófar príomhúsáid bhonneagair AE chun gnáthfhorbairt ghníomhaíocht agus thrádáil eacnamaíoch AE a éascú, go háirithe san iompar (calafoirt, aerfoirt, iarnród agus bóithre), san fhuinneamh agus i mbonneagair teileachumarsáide; á iarraidh ar an gCoimisiún tuairisciú go tréimhsiúil don Pharlaimint maidir leis an méid seo a leanas:

(a) dé-úsáid a d'fhéadfadh a bheith ag bonneagair straitéiseacha a bhrath, ar bonneagair iad lena soláthraítear tacaíocht lóistíochta agus faisnéise don tSín;

(b) urramú iomlán reachtaíocht trádála AE, go háirithe maidir le dícheall cuí, frith-chomhéigean agus earraí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thagann isteach i margadh AE;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, sásra mearfhreagartha a dhearadh chun dé-úsáid nó mí-úsáid bonneagar in AE faoi úinéireacht, rannpháirtíocht nó lamháltas na Síne a bhrath, a d'fhéadfaí a úsáid chun na cearta lamháltais a fhoirceannadh agus/nó an cumas sa réimse sin a chur ar fionraí sna cásanna úinéireachta agus rannpháirtíochta;

15. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSín féachaint ar bhealaí comhordaithe chun borradh a chur faoin trádáil agus infheistíocht, agus an tSín a chur in oiriúint níos fearr do reachtaíocht AE agus d'fhorálacha trádála idirnáisiúnta agus iltaobhacha mar aidhm leis seo;

16. á mheabhrú go dtugtar aghaidh sa Rialachán maidir le infheistíochtaí díreacha coigríche[6] a scagadh ar rioscaí don tslándáil agus don ord poiblí a eascraíonn as infheistíochtaí ó lasmuigh de AE; ag tabhairt dá haire go bhfuil bonneagar criticiúil ar cheann de na tosca a d'fhéadfadh na Ballstáit nó an Coimisiún a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an dócha go ndéanfaidh infheistíocht difear don tslándáil nó don ord poiblí; ag athdhearbhú bhreisluach na sásra um scagadh mar uirlis ábhartha lena dtugtar do AE agus do na Ballstáit forléargas straitéiseach agus feasacht staide na dtreochtaí, na spriocanna, na meán agus na modhanna arna n-úsáid ag gníomhaithe eachtracha chun a dtionchar eacnamaíoch agus polaitiúil a mhéadú; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di nach bhfuil sásraí um scagadh ar infheistíocht eachtrach sa bhonneagar criticiúil i bhfeidhm nó in úsáid ag na Ballstáit uile;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun tionchar a thuairimí maidir le scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche a dhéanamh níos mó, chun saobhadh an mhargaidh aonair agus sodar go grinneall i measc na mBallstát a

[5]Roinn Beartais um Chaidreamh Seachtrach d'Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Sheachtracha an Aontais, *Security implications of China-owned critical infrastructure in the European Union* [Impleachtaí slándála maidir le bonneagar criticiúil na Síne san Aontas Eorpach], Meitheamh 2023.

[6] Rialachán (AE) 2019/452 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh (IO L 79 I, 21.3.2019, lch. 1).

sheachaint, agus chun a thuairimí a dhéanamh oiriúnach dá bhfeidhm sa chomhthéacs slándála domhanda atá ann faoi láthair; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhchuibhiú a mhéadú, lena n-áirítear trí shaineolas iomchuí a fhorbairt, agus trí shásraí um scagadh ar infheistíocht dhíreach choigríche a chur chun feidhme go hiomlán; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aird a thabhairt ar infheistíochtaí agus tionchar polaitiúil na ngnólachtaí nach de chuid AE iad, a d'fhéadfadh an tSín a rialú; á chreidiúint go bhfuil deis agus gá ann chun an Rialachán a neartú ina athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ag deireadh na bliana; á mholadh don Choimisiún togra uaillmhianach reachtach ar Rialachán athbhreithnithe a chur i láthair, lena dtugtar aghaidh ar gach lúb ar lár a tháinig chun cinn le linn a chur chun feidhme, agus meastóireacht a dhéanamh go tapa ar an bhféidearthacht go mbeidh togra reachtach ann maidir le sásra um scagadh ar infheistíochtaí amach; á mholadh go gcuirfí an sásra um scagadh ar infheistíocht amach atá beartaithe le measúnú tionchair lena n-áirítear comhairliúchán iomchuí le gnólachtaí chun aon iarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hiomaíochas na hEorpa a íoslaghdú;

18. ag cur béim ar ról AE mar thionscnóir tionscadail bhonneagair ar ardcháilíocht thar lear, trí thionscnaimh amhail Global Gateway nó Comhpháirtíocht G7 le haghaidh Bonneagar agus Infheistíocht Dhomhanda; á chur i bhfios go láidir gur gá do AE a reitric atá bunaithe ar luach agus á stiúradh ag an inbhuanaitheacht maidir le tionscadail idirnáisiúnta bonneagair a bhaint amach, lena n-aithnítear an ról ríthábhachtach geostraitéiseach is féidir a bheith ag na cláir sin ar leibhéal an éagsúlaithe, athléimneacht an tslabhra soláthair, leagan síos caighdeán agus ailíniú rialála;

19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit uathriail straitéiseach AE a neartú, go sonrach trí shlabhraí soláthair éagsúlaithe, slána agus athléimneacha a fhorbairt agus trí ghníomhartha a mhéadú i bpríomhréimsí amhail taighde agus forbairt, teicneolaíochtaí ceannródaíocha, amhábhair chriticiúla, ationsclú agus bonneagair nua;

20. á áitiú gur príomhréimse de bhonneagar criticiúil AE é a ghréasán institiúidí taighde agus saoráidí taighde agus forbartha, a bhfuil ról tábhachtach acu i gcumas AE chun a n-aistrithe glasa agus digiteacha a bhaint amach, in éineacht le príomhréimsí amhail cosaint spáis; á mheabhrú gur ann do na leochaileachtaí slándála atá nasctha le haistrithe éigeantacha teicneolaíochta, goid maoine intleachtúla agus sceitheadh eolais, in AE agus thar lear araon; á iarraidh go mbeidh forairdeall méadaithe ann agus na bagairtí sin á gcur san áireamh maidir le cumas AE chun nuálaíocht a dhéanamh agus fás a chothú;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhartha a dhearadh chun rioscaí a bhaineann le slándáil AE a laghdú agus chun athléimneacht inmheánach a fhorbairt trí shlándáil agus sláine a bhonneagar criticiúil, a slabhraí soláthair agus a bhonn teicneolaíochta a neartú, líonraí 5G agus 6G go sonrach, a bhfuil ríthábhacht leo go léir chun go mbeidh gnáthghníomhaíocht agus gnáth-thrádáil eacnamaíoch AE; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit athbhreithniú a dhéanamh ar a mbosca uirlisí maidir le slándáil gréasáin;

22. á iarraidh go gcuirfidh an Coimisiún, institiúidí AE agus na Ballstáit deireadh le haon mhaoiniú taighde do ghnólachtaí na Síne atá gníomhach i réimsí a bhfuil tábhachtach chriticiúil agus straitéiseach leo do AE, amhail teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide, agus go ndéanfaidh siad na rioscaí a bhaineann le hoibreoirí conarthacha a

mhaolú;

23. á iarraidh ar an tSín rialachas freagrach digiteach a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme, agus go n-urramófaí cearta príobháideachais, saoirse chun tuairimí a nochtadh agus an smacht reachta ina bearta rialachais dhigitigh, faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála agus caighdeáin iltaobhacha; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar réimsí eile atá i mbaol amhail leathsheoltóirí, ríomhaireacht chandamach, blocshlabhraí, spás, intleacht shaorga agus bith-theicneolaíochtaí, agus meastóireacht a dhéanamh ar reachtaíocht nó uirlisí chun tuilleadh cosanta a sholáthar i gcoinne bogearraí mailíseacha agus cibir-spiaireachta;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún, roimh dheireadh an téarma pharlaimintigh seo, anailís mhionsonraithe a roinnt leis an bParlaimint ar na rioscaí trádála atá nasctha le teicneolaíochtaí amhail leathsheoltóirí, ríomhaireacht chandamach, blocshlabhraí, spás, intleacht shaorga, bith-theicneolaíochtaí agus an gá le gníomhaíocht AE a d’fhéadfadh a bheith ann sna réimsí sin.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 27<br>–: 0<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Saskia Bricmont, Jordi Cañas, Raphaël Glucksmann, Danuta Maria Hübner, Miapetra Kumpula-Natri, Danilo Oscar Lancini, Bernd Lange, Margarida Marques, Sara Matthieu, Helmut Scholz, Joachim Schuster, Sven Simon, Kathleen Van Brempt, Marie-Pierre Vedrenne, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Jan Zahradil, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Reinhard Bütikofer, Marco Campomenosi, José Manuel García-Margallo y Marfil, Svenja Hahn, Seán Kelly, Javier Moreno Sánchez, Urmas Paet, Pedro Silva Pereira |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Dacian Cioloş |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 27 | + |
|---|---|
| ECR | Jan Zahradil |
| ID | Marco Campomenosi, Danilo Oscar Lancini |
| PPE | Anna-Michelle Asimakopoulou, José Manuel García-Margallo y Marfil, Danuta Maria Hübner, Seán Kelly, Sven Simon, Jörgen Warborn, Iuliu Winkler, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Jordi Cañas, Dacian Cioloş, Svenja Hahn, Urmas Paet, Marie-Pierre Vedrenne |
| S&D | Raphaël Glucksmann, Miapetra Kumpula-Natri, Bernd Lange, Margarida Marques, Javier Moreno Sánchez, Joachim Schuster, Pedro Silva Pereira, Kathleen Van Brempt |
| Verts/ALE | Saskia Bricmont, Reinhard Bütikofer, Sara Matthieu |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 1 | 0 |
|---|---|
| The Left | Helmut Scholz |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 28.11.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 49<br>–: 4<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Fabio Massimo Castaldo, Włodzimierz Cimoszewicz, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, Jean-Lin Lacapelle, David Lega, Pedro Marques, David McAllister, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Kostas Papadakis, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Jordi Solé, Tineke Strik, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Tomáš Zdechovský, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vladimír Bilčík, Jakop G. Dalunde, Christophe Grudler, Anja Haga, Andrey Kovatchev, Georgios Kyrtsos, María Soraya Rodríguez Ramos, Mick Wallace, Elena Yoncheva, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Clare Daly, Mónica Silvana González, Miguel Urbán Crespo |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 49 | + |
|---|---|
| ECR | Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Witold Jan Waszczykowski |
| ID | Jean-Lin Lacapelle, Bernhard Zimniok |
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Márton Gyöngyösi |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Anja Haga, Sandra Kalniete, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, David McAllister, Francisco José Millán Mon, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Željana Zovko, Milan Zver |
| Renew | Petras Auštrevičius, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Bernard Guetta, Georgios Kyrtsos, María Soraya Rodríguez Ramos, Salima Yenbou |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Mónica Silvana González, Pedro Marques, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Elena Yoncheva |
| Verts/ALE | Jakop G. Dalunde, Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 4 | - |
|---|---|
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Clare Daly, Miguel Urbán Crespo, Mick Wallace |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Charlie Weimers |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh